Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 15

# Rúnseirbhís

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 15, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 ar an Rúnseirbhís.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2016.

Dlitear barrachas €316,994 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 3.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Tá socruithe forordaithe i bhfeidhm leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Cosanta maidir le tarraingt anuas airgid ó Vóta na Rúnseirbhíse agus maidir le deimhniú bliantúil a fháil ó na hAirí iomchuí i leith an airgid iarbhír a caitheadh le linn na bliana agus i leith na n-iarmhéideanna ag deireadh na bliana.

Ar chúiseanna slándála, tá srianta i bhfeidhm maidir le hoibriúcháin agus eolas faoi na hidirbhearta aonair. Cuireann sin srian ar na gnáthrialuithe díreacha a bhíonn ar fáil agam mar Oifigeach Cuntasaíochta Vóta. I gcúrsaí an cháis, tá mé ag brath ar ráitis bhliantúla dheimhnithe sínithe ag na hAirí sin ar eisíodh airgead dóibh, a bhuntacaítear ag rialuithe oibríochtúla curtha i bhfeidhm ag a Ranna.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Lúnasa 2017

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

### Vóta 15 Rúnseirbhís

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Votá 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí sin atá faoina smacht, agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

***Scóip an iniúchta***

Tá i gceist le hiniúchadh an chuntais leithreasa fáil dóthain fianaise chun ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil an cuntas saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu más calaois nó mírialtacht nó earráid eile atá mar chúis aige sin. Déanann an t-iniúchadh iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus tuairim an iniúchta á tabhairt, déantar measúnú ar leorgacht iomlán chur i láthair an eolais sa chuntas leithreasa.

Do chuspóirí an iniúchta seo, thug an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais teastais dom, rud a rinne freisin an tAire Cosanta a thacaíonn leis an gcaiteachas ón Vóta. Bhí mar chuid den iniúchadh athbhreithniú ar rialuithe oibríochtúla ar an airgead a eisítear ón Vóta agus, ar bhonn samplála, idirbhe
art gaolmhar. Ar chúiseanna slándála, ní dhearnadh athbhreithniú ar fhaisnéis áirithe faoi na hidirbhearta sin.

***Tuairim faoin gcuntas leithreasa***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Votá 15 Rúnseirbhís don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2017

# Vóta 15 Rúnseirbhís

# Cuntas Leithreasa 2016

| | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|
| | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| Rúnseirbhís | 1,000 | 683 | 635 |
| | **1,000** | **683** | **635** |

**Farasbarr le géilleadh**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le géilleadh | 316,994 | 364,856 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

Níl an nóta seo infheidhmithe i gcás Vóta na Rúnseirbhíse.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna fochuntais | | 318 | 302 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.2 | 58 | 64 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **376** | **366** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ghinearálta | | 301 | 366 |
| Fáltas breise i ndán don Státchiste | 2.3 | 75 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **376** | **366** |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **—** | **—** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 1,000 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (317) | | |
| Vóta glan | | | 683 | 635 |
| Costas chláir glan | | | (683) | (635) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

| **2.2 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
| --- | --- | --- |
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 317 | 365 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (375) | (429) |
| Glandliteanas don Státchiste | (58) | (64) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna fo-chuntais | 318 | 302 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Glaniarmhéid PMG | (301) | (366) |
| Fáltas breise i ndán don Státchiste | (75) | — |
| | (58) | (64) |

| **2.3 Fáltas breise i ndán don Státchiste** | **2016** | **2015** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéid ag 1 Eanáir** | — | — |
| Íostarraingt tugtha ar ais | 75 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | — | — |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | 75 | — |

# 3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tá an meastachán tuairimeach ar bhonn riachtanais.